C/2024/1129

25.1.2024

Fógra ón Státrúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus don Bheartais Aeráide Ríocht na hÍsiltíre de bhun hAirteagal 3(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid le haghaidh sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2024/1129)

Leis seo, tugann an Státrúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus don Bheartas Aeráide fógra go bhfuarthas iarratas ar údarú le haghaidh sirtheoireacht hidreacarbón i mblocdheighleoga A18b agus B16c mar a léirítear sa léarscáil atá i gceangal mar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Mianadóireacht (*Mijnbouwregeling*).

Is iad na ciorcail mhóra idir na péirí reanna A-B, B-C, C-D, D-E, E-F, F-G, G-H, H-I, I-J, J-K agus K-A a theorannaíonn blocdheighleog A18b.

237,5 km² atá in achar bhlocdheighleog A18b.

Sainítear na reanna mar a leanas:

Rinn	°	‘	” O	°	‘	” T
A	3	39	54,790	55	9	57,462
B	3	42	4,505	55	9	57,464
C	3	42	4,519	55	3	18,444
D	3	53	34,825	55	3	18,452
E	3	53	34,824	55	3	42,459
F	3	54	56,465	55	7	32,516
G	3	53	29,722	55	8	38,575
H	3	53	29,811	55	9	57,472
I	3	59	54,820	55	9	57,476
J	3	59	54,842	54	59	57,456
K	3	39	54,811	54	59	57,442

Is iad na ciorcail mhóra idir na péirí reanna L-M, M-N, N-O, O-P agus P-L a theorannaíonn blocdheighleog B16c.

129,8 km² atá in achar bhlocdheighleog B16c.

Sainítear na reanna mar a leanas:

Rinn	°	‘	” O	°	‘	” T
L	4	10	24,837	55	9	57,484
M	4	19	54,851	55	9	57,491
N	4	19	54,862	55	4	57,480
O	3	59	54,831	55	4	57,466
P	4	3	30,970	55	5	10,367

Sainítear na reanna thuas lena gcomhordanáidí geografacha, arna ríomh de réir chóras ETRS89.

Le tagairt don Treoir dá dtagraítear i mbrollach an Achta maidir le Mianadóireacht (*Mijnbouwwet*) agus in Airteagal 15 de, iarrann an Státrúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus don Bheartais Aeráide leis seo ar pháirtithe leasmhara iarratas iomaíoch a chur isteach ar údarú le haghaidh sirtheoireacht hidreacarbón i mblocdheighleoga A18b agus B16c de scairbh ilchríochach na hÍsiltíre.

Is é an Státrúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus don Bheartais Aeráide an t-údarás inniúil maidir le húdaruithe a dheonú. Leagtar amach san Acht maidir le Mianadóireacht na critéir, na coinníollacha agus na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2) agus Airteagal 6(2) den Treoir thuasluaite.

Féadfar iarratais a chur isteach le linn na 13 seachtaine tar éis fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart iad a sheoladh chuig:

Ríomhphost: mijnbouwvergunningen@minezk.nl

An Státrúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus don Bheartais Aeráide

Le cur faoi bhráid: J. Visser, an Stiúrthóireacht um an Aistriú in Úsáid Acmhainní go Domhain faoi Thalamh

Bezuidenhoutseweg 73
Postbus 20401,
2500 EK Den Haag
AN ÍSILTÍR

Ní bhreithneofar iarratais a gheofar tar éis dhul in éag na tréimhse sin.

I bprionsabal, déanfar cinneadh ar na hiarratais tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis don tréimhse sin dul in éag.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ach glaoch a chur ar oifig MABEL ar an uimhir theileafóin seo a leanas: +31 703796970.